

Pastime Chonamara

Nuair a bunaíodh Pastime Chonamara, roinnt blianta ó shin, is beag an cheapadh a bhí ag an ngrúpa beag daoine sin ag an am go bhfásfadh an eagraíocht chomh sciobtha agus go mbeadh spéis chomh mór ina cuid imeachtaí, ní amháin i gConamara ach in áiteacha eile ar fud na tíre chomh maith. Bhí an taispeántas ba mhó go dtí seo acu i mbliana i Músaem Shaol na Tuaithe i gCaisleán an Bharraigh, áit a raibh daoine as chuile cheard den tír.

Bíonn ranganna ar siúl ag Pastime Chonamara freisin i gCo. na Mí agus i gCo. Mhaigh Eo, chomh maith leis na cinn níos gaire do bhaile. Go dtí seo bhí 381 duine, idir óg agus aosta, páirteach i ranganna agus in imeachtaí na heagraíochta ó bunaíodh í, agus sin gan ranganna Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a chur san áireamh. Tá cuid de na daoine sin in ann taispeántais dá gcuid féin a thabhairt faoin tráth seo.

Tá dhá lampa agus babhla bronnata ar Uachtarán na hÉireann le cúig bliana anuas, ag ócáidí éagsúla ar fud na tíre, agus bronnadh clog ar Ghairmscoil na bPiarsach nuair a bhí siad ag ceiliúradh 75 bhliana a mbunaithe le gairid.

Freastalaíonn Pastime Chonamara ar an limistéar ó Bhearna go Leitir Mealláin, mar aon le Maigh Eo agus Co. na Mí, agus aon áit eile a bhfuil spéis acu imeachtaí a chur ar siúl. Tá plean idir lámha ag an gcoiste faoi láthair le hIonad Caitheamh Aimsire agus Ceardaíochta a thógáil ar shuíomh atá i gceantar Chois Fharraige chun a gcuid imeachtaí ar fad a chur ar fáil faoin aon díon amháin, agus chun freastal ar aon duine nó grúpa daoine a bheadh ag iarraidh a gcuid imeachtaí féin a reáchtáil.



Le linn don Uachtarán, Máire Mhic Giolla Íosa, a bheith ar an gCeathrú Rua le gairid, don oscailt oifigiúil ar *Tigh Nan Dooley*, thug sí cuairt ar na taispeántais a bhí eagraithe don ócáid i Halla Éinne agus bronnadh lampa uirthi ag an taispeántas a chuir *Pastime Chonamara* ar fáil ansin. Sa bpictiúr freisin, tá fear céile an Uachtaráin, Martin, chomh maith le Máirtín Davy agus Padraig Ó Gríofa, duine eile de dheilbhheadóirí na heagraíochta, *Pastime Chonamara*.



Pastime Eile ...

Cuid d'fhondúirí drámaíochta Chois Fharraige sna blianta a caitheadh, ag lorg inspioráide ar uaigh an tsaoi W.B., ó chlér: Colm Ó Tuathail (a bhí tar éis an hata a sciopadh ó cheann de na saighdiúirí ag Buckingham Palace de réir cosúlachta!), Maimie Ní Thuathail, mar a bhí uirthi ag an am, Mici Ó Conghaile agus fonn air an leac a thabhairt leis, Máire Marta Ní Thuathail (mar a bhí) agus Máirtín Davy ag macnamh ar mhórsmaointe an tráthnóna.

An bhliain? Cá bhfios go díreach, ach nach cuma, tá siad chomh spleodrach céanna i gcónaí agus go gcoinní Dia ar an gcaoi sin iad.